



**Dréacht-Thogra chun Beart Bainistithe Tráchtá
a Thabhairt Isteach in Órán Mór**

Aibreán, 2017

Réamhrá

Mar fhreagra ar uiríll a rinne Comhairleoirí Contae, Áitritheoirí Áitiúla agus úsáideoirí an ghréasáin bóithre poiblí in Órán Mór, beartaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an Beart Bainistithe Tráchta seo a leanas a chuimsíonn 2 leasú ar an bPlean Bainistithe Tráchta atá ann cheana (a glacadh an 23 Aibreán 2012).

Cuimsíonn an Beart Bainistithe Tráchta seo an méid seo a leanas:

- Líne bhuí dhúbailte 27.5m a shuiteáil feadh an lána ó dheas den Phríomhshráid R338 le tosú ó phointe 30m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus le críochnú ag pointe 57.5m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath (via mír nua atá le cur isteach i *Sceideal 1 Cosc ar Pháirceáil i gCónaí*).
- Spás breise páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ag Banc na hÉireann ar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath R338 (via mír nua atá le cur isteach i *Sceideal 2 Spásanna Páirceála do Dhaoine faoi Mhíchumas*)

An Réasúnaíocht atá leis an mBeart seo

- An gá atá le trácht dhá bhealach a chothabháil feadh Phríomhshráid R338 idir Banc na hÉireann agus The Moorings, chun an trácht a choinneáil ag gluaiseacht go réidh tríd an mbaile.
- Rochtain níos fearr a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chuig Banc na hÉireann agus saoráidí ar an gcuid ó thuaidh den Phríomhshráid.

DRÉACHTPHLEAN LEASAITHE BAINISTITHE

TRÁCHTA

ÓRÁN MÓR

SCEIDEAL 1	Uimh 1 go 7	COSC AR PHÁIRCEÁIL I gCÓNAÍ
SCEIDEAL 2	Uimh 8 go 10A	SPÁSANNA PÁIRCEÁLA DO DHAOINE FAOI MÍCHUMAS
SCEIDEAL 3	Uimh 11	BÁNNA LÓDÁLA
SCEIDEAL 4	Uimh 12 go 15	BÁNNA PÁIRCEÁLA
SCEIDEAL 5	Uimh 16 go 18	BÁNNA BUSANNA
SCEIDEAL 6	Uimh 19	GLANBHEALACH

SCEIDEAL 1

COSC AR PHÁIRCEÁIL I gCÓNAÍ

- 1A) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh ó Thuaidh: Óna Acomhal leis an bPríomhshráid go pointe 100m siar
- 1B) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh ó Dheas: Siar agus Ó Dheas ar feadh achair 20m ó Bhóthar Mheáraí
- 1C) Bóthar an Chaisleáin: Le dul timpeall ar an oileán tráchta dealaithe os comhair an bhealaigh isteach chuig an gcarrchlós
- 1D) Bóthar an Chaisleáin: comhair Le dul timpeall ar an oileán tráchta mór os an bhá busanna
- 1E) Bóthar an Chaisleáin: An Taobh ó Dheas: Ó phointe 77m siar ó Acomhal Bhóthar Mheáraí ar feadh achair 55m siar
- 2A) Bóthar Mheáraí: Coisithe An Taobh Thiar: 15m chaon taobh den Thrasrian
- 2B) Bóthar Mheáraí: An Taobh Thoir: 20m go dtí an Taobh ó Thuaidh den Trasrian Coisithe agus 30m go dtí an Taobh ó Dheas den Trasrian Coisithe go dtí pointe 5m soir ó acomhal Chéide Chluain Earcáin
- 2C) Bóthar Mheáraí: An Taobh Thiar: Ó acomhal Hazel Avenue go pointe os comhair acomhal Beechgrove ar feadh 24m
- 2D) Bóthar Mheáraí: An Taobh Thoir: An dá thaobh den bhealach isteach chuig Beechgrove ar feadh 5m chun an acomhal a chlúdach.
- 2E) Bóthar Mheáraí: An Taobh Thoir: Os comhair na scoile náisiúnta do bhuachaillí ó acomhal Beechgrove ar feadh achair 20m
- 2F) Bóthar Mheáraí: An Taobh Thiar: An dá thaobh den bhealach isteach chuig Hazel Avenue ar feadh 5m chun an t-acomhal a chlúdach.
- 3A) An Phríomhshráid: An Taobh Thiar: Ó thuaidh ar feadh achar 5m ó acomhal Bhóthar an Chaisleáin

- 3B) An Phríomhshráid: An Taobh Thiar: Ó phointe 50m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar an Chaisleáin go pointe 95m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar an Chaisleáin
- 3C) An Phríomhshráid – An Taobh Thoir: Ó phointe 10m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar an Chaisleáin go pointe 23m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar an Chaisleáin
- 3D) An Phríomhshráid: An Taobh Thoir: Ó phointe 50m ó dheas d'acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath go acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath
- 4A) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh Thoir: Ó phointe 70m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath go pointe 130m ó thuaidh d'acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath
- 4B) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh Thiar: Ar feadh achar 197m ó thuaidh agus 24m ó dheas d'acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath.
- 4C) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh Thoir: Ó phointe 140m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath go pointe 194m ó thuaidh d'acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath
- 4D) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh Thoir: Ó phointe 230m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath go pointe 15m ó dheas d'acomhal Bhóthar an Stáisiúin
- 4E) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh Thiar: Ó phointe 207m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath go pointe 15m ó dheas d'acomhal Bhóthar an Stáisiúin
- 5A) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath - An Taobh ó Thuaidh: Soir ar feadh achar 14m ó acomhal Bhóthar an Chósta
- 5B) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath - An Taobh ó Thuaidh: Soir ó phointe 44m soir ó Acomhal Bhóthar an Chósta ar feadh achar 270m
- 5C) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath - An Taobh ó Dheas: 15m soir ó acomhal Abhainn na Rí
- 5D) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath - An Taobh ó Dheas: 15m siar ó acomhal Abhainn na Rí
- 5E) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath - An Taobh ó Dheas: Ó acomhal Bhóthar an Chósta/na Príomhshráide 24 soir.

- 6) Céide Chluain Earcáin – An Taobh ó Dheas: Ó acomhal Bhóthar Mheáraí/Chéide Chluain Earcáin ó dheas ar feadh 5m agus soir ó acomhal ar feadh 97m. 7). Bóthar an Stáisiúin – An Taobh Ó Dheas ó phointe 100m Soir ó acomhal Bhóthar an Chósta go pointe 130m soir ó acomhal Bhóthar an Chósta
- 6A) An Phríomhshráid – An Taobh Thoir: Líne bhuí dhúbailte 27.5m feadh an lána ó dheas den Phríomhshráid R338 le tosú ag pointe 30m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus le críochnú ag pointe 57.5m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath

SCEIDEAL 2

SPÁSANNA PÁIRCEÁLA DO DHAOINE FAOI MÍCHUMAS

Níl cead páirceáil ach ag feithiclí a bhfuil "Suaitheantas do Dhaoine faoi Míchumas" ar taispeáint acu.

- 8) Carrchlós Bhóthar Mheáraí: Spás do dhaoine faoi mhíchumas ó thuaidh agus spás do dhaoine faoi mhíchumas ó dheas den bhealach isteach sa charrchlós.
- 9) Carrchlós Bhóthar Mheáraí: Spás do dhaoine faoi mhíchumas soir ó shlí amach an charrchlóis.
- 10) An Phríomhshráid – An Taobh Thoir: Spás do dhaoine faoi mhíchumas 6m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar an Chaisleáin agus spás do dhaoine faoi mhíchumas 23m ó thuaidh d'acomhal Bhóthar an Chaisleáin
- 10A) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath-An Taobh ó Thuaidh: Spás do dhaoine faoi mhíchumas 27m soir ó Acomhal na Príomhshráide

SCEIDEAL 3

BÁNNA LÓDÁLA

Bá Lódála Feithiclí Tráchtála Amháin – uasmhéid ama ceadaithe le haghaidh lódála/dílódála
30 Nóiméad. Luan – Satharn 8.00a.m. – 6.00p.m.

- 11) An Phríomhshráid – An Taobh Thoir: Ag tosú ó phointe 83m ó dheas d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus ag críochnú

ag pointe 98m ó dheas d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath.

SCEIDEAL 4

BÁNNA PÁIRCEÁLA

- 12) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath - An Taobh ó Thuaidh: Ag tosú ó pointe 16m soir ó Acomhal Bhóthar an Chósta/na Príomhshráide agus ag críochnú ag pointe 34m soir ó Acomhal Bhóthar an Chósta/na Príomhshráide.
- 13) Bóthar an Chósta - An Taobh Thoir: Ag tosú ó pointe 43m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus ag críochnú ag pointe 70m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath.
- 14) Bóthar an Chósta - An Taobh Thoir: Ag tosú ó pointe 190m ó thuaidh de Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus ag críochnú ag pointe 227m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath.
- 15) Bóthar an Chósta - An Taobh Thiar: Ag tosú ó pointe 193m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus ag críochnú ag pointe 203m ó thuaidh d'Acomhal Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath.

SCEIDEAL 5

BÁNNA BUSANNA

- 16) Bóthar an Stáisiúin - An Taobh ó Thuaidh: Ó pointe 80m Soir ó acomhal Bhóthar an Chósta go pointe 96m soir ó acomhal Bhóthar an Chósta
- 17) Bóthar an Stáisiúin - An Taobh ó Dheas: Ó pointe 90m Soir ó acomhal Bhóthar an Chósta go pointe 106m soir ó acomhal Bhóthar an Chósta
- 18) Bóthar an Chaisleáin - An Taobh ó Dheas: 35m Siar ó acomhal Bhóthar Mheáraí ar feadh 12m

SCEIDEAL 6

GLANBHEALACH

- 19) Bóthar an Chaisleáin: Siar ó acomhal Bhóthar Mheáraí ar feadh 8m